


A



clog / cloig	clock(s)
uaireadóir / uaireadóirí	watch(es)
am	time
uair (an chloig)	an hour
leathuair (an chloig)	half an hour
ceathrú uaire	a quarter hour
nóiméad / nóiméid	minute(s)
soicind / soicindí	second(s)
a chlog	o'clock
a haon a chlog	one o'clock
tar éis	after, past
ceathrú tar éis a dó	a quarter past two
chun	until
ceathrú chun a dó	a quarter to two
ar maidin	in the morning
um thráthnóna	in the afternoon
san oíche	at night
r.n. (roimh nóin)	a.m.
i.n. (iarnóin)	p.m.

An bhfuil uaireadóir agat?
Do you have a watch?
Cad is ciall leis an lámh mhór ar chlog?
What does the big hand on a clock mean?
Cén t-am é ar an gclog is mó sa phictiúr?
What time is it on the biggest clock in the picture?
Cén t-am é anois?
What time is it now?
Cén t-am a éiríonn tú ar maidin?
What time do you get up in the morning?
Cén t-am a théann tú a chodladh?
What does a shopkeeper do?
Cad a dhéanann tú ag leathuair tar éis a naoi ar maidin?
What do you do at half past nine in the morning?
Cé mhéad ama a chaitheann tú ag ithe do bhricfeasta?
How much time do you spend eating your breakfast?

B



lá / laethanta	day(s)
seachtain / seachtainí	week(s)
coicís / coicísí	fortnight(s)
mí / míonna	month(s)
An Luan / Dé Luain	Monday
An Mháirt / Dé Máirt	Tuesday
An Chéadaoin	Wednesday
Dé Céadaoin	Wednesday
An Déardaoin	Thursday
Déardaoin	Thursday
An Aoine / Dé hAoine	Friday
An Satharn	Saturday
Dé Sathairn	Saturday
An Domhnach	Sunday
Dé Domhnaigh	Sunday
seo caite	last
seo chugainn	next

Cén lá a thagann i ndiaidh an Luain?
Which day comes after Monday?
Cén lá den tseachtain atá ann inniu?
What day of the week is it today?
Cad a dhéanann tú ar an Satharn?
What do you do on Saturday?
Cad a rinne tú Dé Sathairn?
What did you do on Saturday?
Cé mhéad lá atá i gcoicís?
How many days are in a fortnight?
An mbíonn tú ag obair ón Luan go dtí an Aoine?
Do you work from Monday to Friday?

- Cén t-am a éiríonn tú ar maidin? What time do you get up in the morning?
- Cén lá den tseachtain is fearr leat? Which is your favorite day of the week?
- Cad a dhéanann tú ar an Satharn? What do you do on Saturday?
- Ar éirigh tú go luath Dé hAoine seo caite? Did you get up early last Friday?
- An mbeidh tú ag obair Dé Luain seo chugainn? Will you be working next Monday.

Seacht gCéad Uaireadóir

Micheál Ó Conghaile

1. Ní thuigim cén chaoi, ach rug mo shúil ar dhoras siopa nach bhfaca mé cheana.
2. Síos ig *cul de sac* go dtí siopa beag áirithe ar a raibh doras beag buí.
3. Leathuair tar éis a trí.
4. Ó tharla leathuair a chloig le n-ídiú agam, shiúil mé isteach.
5. Tú féin atá ann.
6. *Sorry!* Bhí mé díreach ag breathnú thart.
7. Leathuair tar éis a trí, mo thóin!
8. Tá tú gan am, shílfeá. Tá.
9. Dá dtabharfá aire cheart di, ní chlisfeadh sí ort.
10. Aire cheart? Céard a theastaíonn ó uaireadóir ach *battery* nó é a *windáil*?
11. Á. Níl sé chomh simplí sin.
12. Faoin am atá mé ag caint, ní faoi d'uaireadóir.
13. Cén t-am é, ar aon nós?
14. Cén t-am atá uait?
15. Cén sórt “Cén t-am atá uaim?” Cén t-am den lá atá ann?
16. Cén t-am atá anois ann?
17. Sea, anois. Anois díreach. An nóiméad seo.
18. Bhuel, braitheann sé sin ar an t-am atá ag teastáil uait.
19. Cén sórt seafóide é sin? Tá an t-am ceart ag teastáil uaim. Sin an méid.
20. Cén fáth go dteastódh am uait, eh? Ceart nó mícheart?
21. An mbaineann sé sin duitse?
22. Ó, baineann.
23. Ní thugaim mo am d'éinne, muna mbíonn a fhios agam roimh ré céard lena aghaidh a bhfuil sé uathu.

Seven Hundred Watches

Micheál Ó Conghaile

- I don't understand how, but my eye caught onto a shop door that I hadn't seen already.
- Down into a *cul de sac* to a certain small shop which had a small yellow door.
- Half past three.
- As it happened that I had a half hour to use up, I walked in.
- It's you.
- Sorry! I was just looking around.
- A half past three, my bum!
- You have no time, you would think. Yes.
- If you were to give it proper care, it wouldn't fail you.
- Proper care? What does a watch need but a battery or to be wound?
- Ah. It's not a simple as that.
- It's about time that I'm talking, not about your watch.
- What time is it, anyways?
- What time do you want?
- What do you mean “What time do I want?” What time of the day is it?
- What time is it now?
- Yes, now. Exactly now. This minute.
- Well, that depends on the time that you need.
- What kind of foolishness is that? I need the right time. That's all.
- Why would you need time, eh? Right or wrong?
- Is that any of your business?
- Oh, it is.
- I don't give my time to anyone, unless I know in advance why they need it.

<i>Seacht gCéad Uaireadóir</i> <u>Micheál Ó Conghaile</u>	<i>Seven Hundred Watches</i> <u>Micheál Ó Conghaile</u>
24. Do amsa?	Your time?
25. Sea, mo amsa. Nach é mo amsa atá uait?	Yes, my time. Isn't it my time that you want?
26. Agus is leatsa an t-am anois?	And the time is yours now?
27. Is cuma cé leis é. Ach is agamsa atá sé.	It doesn't matter who's it is. But I'm the one who has it.
28. <i>Look!</i> Níl uaim ach an t-am. Muna bhfuil tú sásta sin a thabhairt dom, <i>okay</i> . Ach abair sin dom!	Look! I just need the time. If you're not willing to give that to me, okay. But say that to me!
29. Ach cén chaoi a dtabharfaidh mé am duit muna bhfuil a fhios agam céard lena aghaidh a bhfuil sé ag teastáil uait?	But how will I give time to you unless I know for what purpose you need it.
30. <i>Okay</i> . Céard le haghaidh é? Céard le haghaidh an t-am?	Okay. What's it for? What's the time for?
31. Mar go bhfuil coinne ag mo bhean chéile leis an bhfiacloir ag a ceathair a chlog.	Because my wife has an appointment with the dentist at four o'clock.
32. Tá coinne le do bhean chéile bhocht leis an bhfiacloir ag a ceathair a chlog?	Your poor wife has an appointment with the dentist at four o'clock?
33. Agus caithfidh mise bealach chomh fada leis an bhfiacloir a thabhairt di.	And I have to take her to the dentist.
34. In am. Ach, inseoidh mé an t-am duit, má tá coinne agat.	In time. But, I will tell you the time, if you have an appointment.
35. Ag mo bhean chéile a deirim! Ag a ceathair a chlog.	My wife does, I say! At four o'clock.
36. Anois, (fan) go bhfeice mé. Á, tá sé, ..., tá sé a ceathair a chlog mar sin.	Now, let me see. Ah, it is, ..., it is four o'clock then.
37. Cén sórt "mar sin"? Arú, níl an t-uaireadóir sin ceart.	What's this "then"? Arrah, that watch isn't right.
38. Tá 'chuile uaireadóir san áit seo ceart. Tusa atá mícheart. Ná maslaigh mo chuid uaireadóirí.	Every watch in this place is right. You are wrong. Don't slander my watches.
39. Tá 'chuile ceann acu ceart, an bhfuil?	Every one of them is right, is it?
40. Tá, cinnte, ach amháin an ceann atá ar do rostasa nach bhfuil am ar bith air, ach am marbh.	Yes, of course, except the one that is on your wrist, that has no time, but dead time.

Ginger i gCois Fharráige
Le Caitlín Uí Thallamhain

Ginger in Cois Fharráige
By Caitlín Uí Thallamhain

1. Chonaic an múinteoir go raibh spéis agam sna báid agus mhínigh sé dom go raibh púcán, gleoiteoga, agus húicéirí ina measc.
 2. Dúirt sé go raibh cuid mhaith acu ag iascaireacht agus an chuid eile ag dul go hÁrainn nó ag filleadh abhaile.
 3. “Is furasta an púcán a aithint,” a dúirt sé, “mar níl ach an t-aon seol mór amháin air.”
 4. Spreag an t-eolas seo mé chun tamall a chaitheamh ag iarraidh ceann díobh a aimsiú i measc na mbád eile.
 5. Faoin am seo bhí Bearna bainte amach againn agus fiú gan an múinteoir á rá linn thuigeamar go rabhamar ar thairseach Chonamara.
 6. Is ar éigean má bhí crann ná tor ná sceach le feiceáil.
 7. Ba mhór an difríocht idir é seo agus lár na tíre.
 8. Ní raibh claí ná sconsa ann, ach ballaí cloiche ar fad idir na páirceanna.
 9. Na páirceanna! Bhí siad an-bheag.
 10. Bhí Páirc na Cearnóige os comhair dhoras mo thí fhéin sa bhaile seacht n-uaire níos mó ná páirc ar bith díobh agus níos glaise freisin.
 11. Bhí fála fiúise ag fás i ngar do na tithe.
 12. Bhí an t-aiteann buí faoi bhláth i measc na gcarraigeacha anseo agus ansiúd.
 13. Ní raibh mórán ainmhithe sna páircíní beaga – laonna, gabhair, bó nó dhó, agus corrasal.
 14. Bhí Peadar ar mo nós féin ag baint lán na súile as gach aon rud.
- Q1.** Cad air a raibh Ginger ag breathnú?
Q2. Cad atá i bpúcán?
Q3. Conas is féidir púcán a aithint?
Q4. An raibh mórán crann ann?
Q5. Cad a bhí faoi bhláth?
Q6. Cén saghas ainmhithe a bhí ann?

The teacher saw that I was interested in the boats and he explained to me that there were *púcáns*, *gleoiteogs* and *húicéirs* among them.

He said that a good number of them were fishing and others were going to Inishmore or returning home.

“It’s easy to recognize the *púcán*,” he said, “because there is only the single large sail on it.”

This information inspired me to spend some time trying to find one of them among the other boats.

By the time we had reached Barna and even without the teach telling it to us, we understood that we were on the threshold of Connemara.

There was barely a tree, a bush or a bramble to be seen.

The difference was large between this and the middle of the country.

There wasn’t a wall or a sence there, but all stone walls between the fields.

The fields! They were very small.

The Park of the Square in front of the door of my own house at home seven times bigger than any of these fields, and greener, too.

There were fuchsia hedges growing near the houses.

The yellow furze was in bloom among the rocks here and there.

There were not many animals in the small fields – claves, goats, a cow or two, and the occasional donkey.

Peard was, like me, getting an eyeful of every single thing.

What was Ginger looking at?
What is a *púcán*?
How can you recognize a *púcán*?
Were there many trees there?
What was in bloom?
What kind of animals were there?